Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**14168/20**

**ENV 821**
**FIN 972**
**AGRI 483**
**PESTICIDE 51**
**PHYTOSAN 34**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Nollaig 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13677/2020 + ADD1 REV1 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal Protection of wild pollinators in the EU: Commission initiatives have not borne fruit [Pailneoirí Fiáine san Aontas a chosaint: gan aon toradh ar thionscnaimh an Choimisiúin]<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an 3782ú cruinniú dá cuid, an 17 Nollaig 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal Protection of wild pollinators in the EU: Commission initiatives have not borne fruit [Pailneoirí Fiáine san Aontas a chosaint: gan aon toradh ar thionscnaimh an Choimisiúin]**

**– Conclúidí ón gComhairle –**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI

– Na Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh[1];
– Na bearta atá déanta cheana féin ag an gCoimisiún Eorpach chun pailneoirí a chaomhnú, go háirithe tionscnamh an Aontais Eorpaigh um pailneoirí[2], lena leagtar amach cuspóirí straitéiseacha agus sraith gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar an meath atá ag teacht ar phailneoirí san Aontas;
– Na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030[3] agus an Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc[4]; Á CHUR CHUN SUNTAIS DI a thábhachtaí atá na straitéisí sin maidir le pailneoirí a chosaint:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (‘an Chúirt’) dar teideal Protection of wild pollinators in the EU: Commission initiatives have not borne fruit [Pailneoirí Fiáine san Aontas a chosaint: gan aon toradh ar thionscnaimh an Choimisiúin] agus AONTAÍONN SÍ lena conclúidí maidir leis an ngá atá ann an creat agus na beartais maidir le caomhnú pailneoirí san Aontas a neartú;

1 7515/00 + COR 1.
2 9744/18 - COM(2018) 395.
3 12210/20.
4 12099/20.

2. CUIREANN SÍ I dTREIS ról ríthábhachtach na bpailneoirí maidir le héiceachórais shláintiúla agus le slándáil an tsoláthair bia agus a riachtanaí atá sé a meath a aisiompú; AITHNÍONN SÍ, i bhfianaise na himní atá ag dul i méid i measc an phobail maidir le meath na bpailneoirí fiáine, breithiúnas na Cúirte go bhfuil géarghá le hiarrachtaí chun na treochtaí atá tugtha faoi deara a iompú trí aghaidh a thabhairt ar na príomhchúiseanna leo, mar a sainaithníodh iad ag an Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais sa Tuarascáil Mheasúnaithe uaithi ar Phailneoirí, Pailniú agus Táirgeadh Bia (Tuarascáil IPBES maidir le pailneoirí);

3. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go mbeidh comhoibriú láidir agus úsáid leormhaith acmhainní riachtanach chun comhleanúnachas a áirithiú idir na bearta agus ionstraimí beartais éagsúla a bhfuil tionchar acu ar chosaint pailneoirí fiáine, amhail an Comhaontú Glas don Eoraip mar aon le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 agus an Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc, an reachtaíocht maidir le lotnaidicídí agus an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT);

4. TACAÍONN SÍ leis an togra ón gCúirt ionstraimí cistithe spriocdhírithe a úsáid amhail LIFE chun pailneoirí fiáine a chosaint agus chun feabhas a chur ar a ngnáthóga laistigh agus lasmuigh de limistéir Natura 2000; agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ go mbeidh infheistíocht phoiblí agus phríobháideacha nach beag riachtanach ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach chun an bhithéagsúlacht a thuiscint agus a thomhas, chun cailliúint na bithéagsúlachta a ghleic agus chun éiceachórais a choimeád go maith agus éiceachórais a athchóiriú;

***Measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le bearta sonracha le haghaidh pailneoirí fiáine***

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI moladh na Cúirte measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le gníomhaíochtaí breise chun aghaidh a thabhairt ar na príomhchúiseanna le meath na bpailneoirí nach bhfuil á meas i dtionscnamh an Aontais Eorpaigh um pailneoirí mar atá; i ndáil leis sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnamh an Aontais Eorpaigh um pailneoirí faoi dheireadh 2020 agus, ar an mbonn sin, gníomhaíochtaí leantacha maidir le pailneoirí a mheas in 2021;

6. ADMHAÍONN SÍ an gá atá le creat rialachais agus faireacháin ar fud an Aontais, chun faireachán agus measúnú éifeachtach a dhéanamh ar stádas agus treochtaí pailneoirí, ar thionchar na bpríomhchúiseanna leis an laghdú atá tagtha ar phailneoirí agus tionchar bheartais ábhartha an Aontais, mar aon le tionchar gníomhaíochtaí caomhnaithe agus athbhunaithe dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Gnáthóga ar speicis phailneoirí; i ndáil leis sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún creat den sórt sin a bhunú, i gcomhar leis na Ballstáit, a luaithe is féidir agus cuspóirí agus táscairí mionsonraithe a shainiú maidir leis an bpríomhghealltanas 'Aisiompaítear an meath ar líon na bpailneoirí' ó Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030;

7. CUIREANN SÍ i dTREIS a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais trí thaighde feabhsaithe, lena n-áirítear taighde ar leibhéal an Aontais, ar staid reatha na bpailneoirí agus a ngnáthóga agus ar na cúiseanna leis an meath atá tagtha orthu, ina theannta sin, agus é mar aidhm cuidiú le bearta éifeachtacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt orthu; TUGANN SÍ DÁ hAIRE, maidir leis an méid sin, Tuarascáil IPBES maidir le Pailneoirí; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá leis an Liosta Dearg Eorpach a thabhairt cothrom le dáta maidir le speicis phailneoirí an Aontais atá faoi bhagairt;

***Gníomhaíochtaí chun pailneoirí fiáine a chosaint a chomhtháthú níos fearr in ionstraimí beartais an Aontais lena dtugtar aghaidh ar chaomhnú bithéagsúlachta agus ar an talmhaíocht***

8. AONTAÍONN SÍ leis an moladh ón gCúirt gur cheart na gníomhaíochtaí chun pailneoirí fiáine a chosaint a chomhtháthú níos fearr sna huirlisí pleanála straitéisí chun láithreáin Natura 2000 a bhainistiú; MOLANN SÍ do na Ballstáit bearta lena ndírítear ar phailneoirí agus ar a ngnáthóga a áireamh ina gcreataí gníomhaíochta tosaíochta ilbhliantúla; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart go gcuirfí san áireamh leis an measúnú ar na bearta sin saintréithe bitheolaíocha agus geografacha gach láithreáin, mar aon le cuspóirí eile i dtaca le speicis agus gnáthóga a chaomhnú; MOLANN SÍ freisin do na Ballstáit bearta maidir le pailneoirí a áireamh ina Straitéisí agus a bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta maidir leis an mBithéagsúlacht;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an rún atá ag an gCoimisiún torthaí an athbhreithnithe ar Thionscnamh an Aontais Eorpaigh um pailneoirí a chur san áireamh agus CBT tar éis 2020 á chur chun feidhme;

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhforáiltear le tograí CBT tar éis 2020 na hidirghabhálacha ábhartha trí mheán na coinníollachta, éiciscéimeanna agus bearta aeráide agra-chomhshaoil, a mheastar go mbeidh tionchar dearfach acu ar phailneoirí fiáine; agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar na bearta a bhfuil tionchar dearfach acu ar phailneoirí a chomhtháthú i bPleananna Straitéiseacha CBT;

***Feabhas a chur ar chosaint pailneoirí fiáine sa phróiseas measúnaithe ar na rioscaí a bhaineann le lotnaidicídí***

11. AONTAÍONN SÍ leis an gCúirt sa mhéid is gur gá pailneoirí fiáine a chosaint níos fearr sa phróiseas measúnaithe ar na rioscaí a bhaineann le lotnaidicídí agus le linn na céime úsáide lotnaidicídí; IS DÍOL SÁSAIMH DI rún an Choimisiúin táscairí feabhsaithe comhchuibhithe riosca a fhorbairt lena léirítear na rioscaí a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí agus an tionchar a bhíonn ag úsáid na dtáirgí sin ar shláinte an duine agus ainmhithe agus ar an gcomhshaol;

12. TACAÍONN SÍ leis an moladh ón gCúirt plean oibre a ullmhú chun modhanna tástála eolaíochtbhunaithe agus spriocanna sonracha cosanta a fhorbairt do phailneoirí fiáine; IARRANN SÍ ar na Ballstáit tuilleadh tacaíochta a thabhairt chun modhanna tástála lotnaidicídí a fhorbairt lena ndírítear ar phailneoirí fiáine, lena n-áirítear forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta (e.g. ECFE, FAO); AITHNÍONN SÍ go bhfuil na modhanna reatha dírithe go háirithe ar bheacha meala agus bumbóga atá bainistithe; agus CUIREANN SÍ i dTÁBHACHT gur cheart speicis beacha fiáine agus pailneoirí eile a chur san áireamh ar bhealach níos fearr i ndáil leis sin;

13. IARRANN SÍ ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) agus ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar spriocanna sonracha cosanta le haghaidh beacha fiáine san athbhreithniú leanúnach ar an Treoirdhoiciméad maidir le Beacha agus le haghaidh pailneoirí eile sa tionscnamh chun modheolaíocht a fhorbairt chun spriocanna sonracha cosanta a leagan síos don mheasúnú ar an riosca comhshaoil a bhaineann le lotnaidicídí; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na spriocanna cosanta do phailneoirí fiáine a chomhlánú sna prionsabail aonfhoirmeacha chun measúnú agus údarú a dhéanamh ar tháirgí cosanta plandaí agus spriocanna cosanta do phailneoirí fiáine a chomhtháthú sa phróiseas meastóireachta ar bhithicídí; i ndáil leis sin, AONTAÍONN SÍ leis an moladh ón gCúirt gur cheart do EFSA athbhreithniú a dhéanamh ar threoirdhoiciméad 2013 maidir leis an measúnú riosca ar tháirgí cosanta plandaí do bheacha[5]; CUIREANN SÍ i dTÁBHACHT gur cheart go gcoinneofaí ardleibhéal cosanta do bheacha bainistithe agus do bheacha fiáine leis an athbhreithniú leanúnach ar threoirdhoiciméad 2013;

14. TAGANN SÍ LE TUAIRIM na Cúirte go mbeidh údar leordhóthanach i gcónaí le húdaruithe éigeandála chun an gá atá leis na húdaruithe aonair a léiriú agus gur cheart go n-áireofaí leo faisnéis shonrach maidir le gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun réitigh mhalartacha a aimsiú;

15. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tuilleadh tacaíochta a thabhairt do ghlacadh níos forleithne an Bhainistithe Chomhtháite Lotnaidí, lena dtabharfaí tús áite do mhodhanna agus teicnící neamhcheimiceacha rialaithe lotnaidí ar úsáid lotnaidicídí, agus tosaíocht á tabhairt do lotnaidicídí ísealriosca a mbíonn tionchar níos lú acu ar phailneoirí fiáine; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil tacaíocht don taighde riachtanach freisin i ndáil leis sin; agus TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR an tábhacht a bhaineann le hinfhaighteacht na réiteach sin d’fheirmeoirí na hEorpa agus ar an ngá lena n-úsáid iomchuí a spreagadh ar mhaithe leis an talmhaíocht agus leis an gcomhshaol araon.

---

5 https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/3295?utm_source=rss&utm_medium=rss.